



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ



Oifig an
Office of the  **Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**
Director of Public Prosecutions

LEABHRÁN FAISNÉISE AN IARRATASÓRA

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

INTÉIRNEACHT TAIGHDE DLÍ CHOTHROMAIS

SA

**CHOIMISIÚN ATHCHÓIRITHE DLÍ, SAN OIFIG AN ARD-AIGHNE AGUS SAN
OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

Dáta dúnta: 3 Aibreán 2023 ag 12 i.n. (nóin)

Tá an Coimisiún Athchóirithe Dlí, Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do pholasáí deis comhionann.

Uimhir Ghutháin: (353) 1 637 7609
R-phoist: internship@lawreform.ie
Gréasán: www.lawreform.ie

INTÉIRNEACHT TAIGHDE DLÍ CHOTHROMAIS

COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún Athchóirithe Dlí bunaithe ag Acht an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975. Tá cúig bhall ag an gCoimisiún - an tUachtarán, an Coimisinéir Lán-Aimseartha agus triúir Choimisinéir Páirt-Aimseartha.

Is ról leis an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus le saineolas, moltaí a dhéanamh dá réir i gcomhair athbhreithnithe an dlí agus chun an dlí reatha a chur ar fáil do gach duine.

OIFIG AN ARD-AIGHNE

Tá an tArd-Aighne ina chomhairleoir don Rialtas i gcúrsaí dlí agus tuairimí dlí agus is Oifigeach Bunreachtá é chomh maith. Is í an Oifig, mar sin, seirbhís lárnach dlí an Stáit, a chuireann comhairle agus dréachtreachtaíocht ar fáil agus a dhéanann maoirseacht ar sheoladh dlíthíochta ina mbíonn an Stát páirteach.

OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

Bunaíodh Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí le dlí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974. Tá an Stiúirthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a feidhmeanna. Is é misean na hoifige seirbhís ionchúisimh a sholáthar atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach. Is iad seo na dualgais atá ar an Stiúirthóir an dlí coiriúil a fhorfheidhmiú sna cúirteanna thar ceann Mhuintir na hÉireann; ionchúisimh phoiblí a threorú agus a mhaoirsiú ar díotáil (cúisimh fhoirmiúla i scríbhinn) sna cúirteanna; treoir agus comhairle ghinearálta a thabhairt don Gharda Síochána (seirbhís póilíneachta na hÉireann) maidir le cásanna achoimre (cásanna níos neamh-thromchúisí a fhéadfar a éisteacht sa Chúirt Dúiche) agus treoir shonrach a thabhairt don Gharda Síochána (na Gardaí) i gcásanna ina n-iarrtar í.

Faisnéis Chúlra ar an Intéirneacht

Tá an intéirneacht chothromais dírithe go sonrach ar mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó ar mhic léinn faoi mhíchumas. Is í aidhm an intéirneacht chothromais éagsúlacht sa dlí agus cothromas teachta ar deiseanna ghairmiúil sa dlí a mhéadú d'iarrthóirí faoi mhíbhuntáiste. Tabharfaidh an intéirneacht taithí oibre do mhic léinn i dtimpeallacht dlí, chun scileanna agus muinín a forbairt mar chuid d'fhoireann taighde.

Leis an intéirneacht chothromais, táimid ag iarraidh níos mó éagsúlachta a spreagadh i ngairm an dlí agus éagsúlacht níos mó a chur chun cinn san earnáil dlí. Tugaimid an bhfianaise ar bhacainní indéreacha ar iontráil chuig gairmeacha dlí faoi deara agus an tionchar ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch go háirithe (Athbhreithniú Hook Tangaza (2018) ar Oideachas agus Oiliúint Cleachtóirí Dlí).

Tá sé de fhreagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, lucht úsáidte a seirbhísí agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Is oibleagáid dhlíthiúil é sin, ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus d'eascair sé as Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Cé go bhfuil an Coimisiún Athchóirithe Dlí, Oifig an Ard-

Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do pholasáí deis comhionann, cruthaíodh an intéirneacht chothromais chun comhionannas a chur chun cinn tuilleadh.

Cuirfear na hiarrthóirí rathúla ar phainéal in ord fiúntais.

Ról Intéirnach

Braithfidh ról an Intéirnach Taighde Dlí air an eagraíocht ina bhfuil siad lonnaithe. Faoi mhaoirseacht bainisteora agus meantóra sannta, beidh an Intéirneach Taighde Dlí:

- Ag déanamh tascanna taighde;
- Ag tabhairt cúnamh le hullmhú, nó ag ullmhú, meamraim, láithreoireachtí, nótaí cáis, páipéir, tuarascálacha, agus nótaí cruinnithe, de réir mar is gá;
- Ag freastal agus ag glacadh páirt i gcomhdhálacha agus i gcruinnithe go himmheánach agus go seachtrach araon le geallsealbhóirí nuair is gá,
- Dualgais eile a dhéanamh de réir agus a bhíonn siad sannta ó am go ham ag an gCoimisiún, Oifig an Ard-Aighne nó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Nuair atá an Intéirneach Taighde Dlí lonnaithe i gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí, cuirfidh an Coimisiún a rannchuidiú i leith nuair a fhoilseofar Páipéar Comhairliúcháin nó Tuarascáil ar thionscadal ábhartha.

CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ

Riachtanais Bunúsacha

Ní mór d'Iarratasóirí, air nó roimh an 31 Márta 2023:

- (a) Bheith sa bhliain deiridh i gcéim onórach, nó cáilíocht choibhéiseach (ar a laghad Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i nDlí nó cáilíocht inghlactha don Choimisiún Athchóirithe Dlí mar choibhéiseach, ina raibh Dlí glactha mar phríomh-ábhar; **agus**
- (b) Caithfidh rochtain a bheith acu ar Institiúid Ardoideachais trí Chlár Rochtana / Bealach Rochtana mar lucht fágála scoile, nó mar mhic léinn lánfhásta; **nó**
- (c) Ní mór duit a bheith cláraithe leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais i d'Institiúid Ardoideachais agus ag fáil tacaíochtaí uaithi.

Leis sin, ní mór na earraí a leanas a bheith ag iarratasóirí:

- Eolas cuimsitheach ar raon leathan maidir le dlí na hÉireann agus Córas Dlí na hÉireann (lena n-áirítear Dlí AE) agus, go hidéalach, eolas ar an gcóras ECHR.
- Taithí ábhartha ar thaighde dlí fochéime.
- Cumas chun taighde agus anailíse a dhéanamh.
- Scileanna maith i dteicneolaíocht chumarsáide.
- Bheith in ann díriú ag mhionsonraí.
- Cumas chun taighde / faisnéis a léiriú i scríbhinn, i stíl dea-struchtúrtha, soiléir, gonta, cuimsitheach, le Béarla soiléir.
- Cumas chun tascanna a phleanáil, a chur in áit tosaíochta agus a mhonatóireacht ar bhealach córasach eagraithe chun obair a sheachadadh in aghaidh spriocanna ama gearra ar ardchaighdeán chun torthaí a sheachadadh.
- Scileanna idirphearsanta agus oibre foirne láidre.

Beifear ag súil leis freisin go mbeidh iarrthóirí in ann a thaispeáint go bhfuil acu na hinniúlachtaí le haghaidh ról ar Intéirneach Taighde Dlí. Féach Aguisín 1.

Incháilitheacht

Ní mór cead a bheith ag iarrthóirí oibriú in Éirinn.

Pá

Íocfar intéirnigh ar ráta € 519.96 sa tseachtain lúide asbhaintí is infheidhme, lena n-áirítear Íoc Mar a Thuillir, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa agus Muirear Sóisialta Uilíoch.

Fad

Mairfidh an intéirneacht dhá mhí.

Dataí Tosaithe

Ba chóir go mbeadh iarratasóirí rathúla ar fáil le tosú:

- (a) sa Choimisiún Athchróirthe Dlí, i rith mhí an Mheithimh nó Iúil. Tugtar roinnt solúbthachta maidir le dátaí tosaithe
- (b) san Oifig an Ard-Aighne, i rith mhí an Mheithimh,
- (c) san Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, i rith mhí Iúil nó Lúnasa faoi réir imréiteach Garda.

Uaireanta Freastail

Beidh na huaireanta tinrimh chomh seasta ó am go ham ach ar an meán ní lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán nó 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine.

Is féidir roinnt solúbthachta a thabhairt maidir le huaireanta oibre agus aon fhreagrachtaí cúraim á mbreithniú.

Áit Oibre

Beidh ar intéirnigh a chuirtear le hOifig an Ard-Aighne nó le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí oibriú go lánaimseartha ina n-oifigí i mBaile Átha Cliath. Is féidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí socruithe oibre cumaisc a éascú dóibh siúd atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath mura féidir leo athlonnú go Baile Átha Cliath don intéirneacht.

AN PRÓISEAS COMÓRTAIS

Conas Iarratas a Dhéanamh

Is féidir teacht ar an bhfoirm iarratais ag www.lawreform.ie.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit:

- Comhlánaigh gach cuid den fhoirm iarratais.
- Déan cinnte go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go cruinn, mar go n-úsáidfear í mar dhoiciméad ionchuir ríomhaire agus b'fhéidir go mbeidh tú curtha ar an ngearrliosta bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraítear.

Tabhair faoi deara:

- D'fhéadfadh aon mhíchruinneas i gcomhlíonadh an fhoirm eascrú i ndiúltú. Dá bhrí sin, chun do leasa féin, ní mór duit cinntiú go bhfuil an fhaisnéis soláthraithe i ngach cuid i gceart.
- Más gá leanúint ar bhileog ar leithligh, leag amach an fhaisnéis mar an gcéanna leis an bhfoirm iarratais.

Dáta Dúnta

Ní mór an fhoirm iarratais comhlíonta a sheoladh ar aghaidh trí r-phoist chuig internship@lawreform.ie, ar a dhéanaí ag **12i.n (nóin) an 3 Aibreán 2023**.

Ní ghlacfar le iarratais faighte i ndiaidh an dáta agus am dúnta.

Modhanna Roghnaithe

Áireofar leis na modhanna úsáidte chun an t-iarratasóir rathúil a roghnú don intéirneacht seo:

- Gearrliosta (más gá) ar iarratasóirí ar bhonn na faisnéise atá san fhoirm iarratais
- I gcás gearrliosta, agallamh iomaíoch, lena n-áireofar cur i láthair agus/nó cleachta measúnaithe breise.

Táimid ag súil go mbeidh agallaimh ar siúl i rith Mí Aibreáin 2023.

Rúndacht

Faoi réir forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, glacfar le iarratais faoi rún dian.

OIBLEAGÁIDÍ AN IARRATASÓRA

Ba chóir d'iarratasóirí tabhairt faoi deara gur féidir leo a bheith dícháilithe de bharr canbhasála agus eascróidh sé sin ina n-imeacht ón bpróiseas.

ACHTANNA UM CHOSAINN SONRAÍ 1988 GO 2018

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, bíonn taifead ríomhaire cruthaithe againn i d'ainm, le cuid mhaith den fhaisnéis soláthraithe agat. Úsáidtear an taifead pearsanta sin amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis dá leithéid sin a choinneáiltear ar ríomhaire faoi réir cearta agus oibleagáidí leagtha amach in Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

Aguisín 1 - Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach mar Intéarnach Taighde Dlí

Ba chóir d'iaratasóirí a léiriú go gcomhlíonann siad na bpríomhinniúlachtaí thíos ina bhfoirmeacha iarratais lena n-áirítear cur síos ar ról a dtaifead fostaíochta, freagraí ar na ceisteanna agus ráiteas pearsanta.

Ba chóir d'iaratasóirí a chuirtear ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh a léiriú conas a chomhlíonfaidh siad na hinniúlachtaí thíos ina bhfreagraí ar na ceisteanna agallaimh bunaithe ar inniúlacht.

Saineolas, Oilteacht agus Féin-fhorbairt

- Eolas ar dlí na hÉireann agus Córas Dlí na hÉireann (lena n-áirítear Dlí AE) agus eolas ar an gcóras ECHR;
- Tá taithí intaispeánta acu ar thaighde dlí fochéime agus tuiscint ar mhodheolaíochtaí taighde ábhartha;
- Forbraíonn agus cothaíonn na scileanna agus an oilteacht is gá chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, m.sh., coinníonn siad iad féin ar an eolas faoi phríomhfhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Tuigeann go soiléir ról, cuspóirí agus aidhmeanna;
- Tá siad tiomanta d'fhorbairt phearsanta agus bíonn siad ag iarraidh go leanúnach feidhmíocht phearsanta a fheabhsú.

Eolas a Bhainistiú /Phróiseáil – Cumas taighde agus anailíse a dhéanamh

- Déanann siad taighde críochnúil ar shaincheisteanna, agus iad ag dul i gcomhairle go cuí chun an fhaisnéis ar fad a theastaíonn maidir le saincheist a bhailiú;
- Tuigeann siad saincheisteanna casta go mear, agus sonraí (lena n-áirítear sonraí uimhriúla) á sú isteach agus á meas aige/aici go cruinn;
- Tugann faoi gach obair ar bhealach críochnúil agus eagraithe;
- Baineann conclúidí cuí as eolas;
- Leanann nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann an fiúntas agus an bunús atá leo;
- Coinníonn taifid ar ardchaighdeán ar féidir le daoine eile ciall a bhaint astu go réidh;
- Molann bealaí nua le rudaí a dhéanamh ar bhealaí níos fearr agus níos éifeachtúla

Scileanna i gCumarsáid

- Cuireann siad faisnéis i láthair ar bhealach soiléir agus loighciúil ó bhéal agus i scríbhinn araon;
- Cumas scríobh i stíl Bhéarla shoiléir;
- Bíonn ag éisteacht go gníomhach le daoine eile agus déanann iarracht a mbarúlacha / riachtanais / a bhfuil uathu a thuiscint;
- Léiríonn meas, cúirtéis agus gairmiúlacht agus coinníonn smacht air/uirthi féin fiú ag déileáil le cúinsí dúshlánacha;
- In ann a bheith diongbháilte nuair is gá agus in ann cumarsáid mhuiníneach agus údarásach a dhéanamh.

Obair Foirne/Scileanna Idirphearsanta

- Léiríonn meas do chomhghleacaithe agus do chomhoibrithe;
- Forbraíonn agus cothaíonn dea-chaidreamh oibre le daoine eile, roinneann eolas agus fios, de réir mar is cúí;
- Cuireann a dthuirimí agus a mbarúlacha féin i láthair;
- Tuigeann siad a n-áit féin sa bhuíon agus déanann gach iarracht é sin a chomhlíonadh.

Torthaí a Sholáthar

- Glacann freagracht as obair agus cuireann dlús leis go dtí an chéad leibhéal eile cúí;
- Críochnaíonn obair go tráthúil;
- Téann i dtáthí go gasta ar bhealaí nua chun rudaí a dhéanamh;
- Seiceálann gach saothar oibre lena chinntiú go gcríochnaítear é ar ardchaighdeán agus saor ó bhotúin;
- Úsáideann graiméar agus litriú ceart ag scríobh agus baineann conclúidí réasúnta as treoracha scríofa;
- Aithníonn agus tuigeann an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla;
- Léiríonn tionscnaíocht agus solúbthacht lena chinntiú go gcríochnaítear an obair;
- Gníomhaíonn as a stuaim féin agus tá n ann breithiúnas a thabhairt ar cathain is gá treoir a iarraidh ó chomhghleacaithe nó ó bhainisteoir.

Fuinneamh agus Tiomantas do Chaighdeáí na Seirbhíse Poiblí

- Bíonn ag iarraidh go leanúnach feidhmiú ar chaighdeán ard agus seirbhís den scoth a sholáthar;
- Freastal ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann;
- Bíonn críochnúil agus coinsiasach, fiú le hobair ghnáthaimh;
- Léiríonn díograis agus teacht aniar, agus bíonn buanseasmhach fiú ag plé le dúshláin agus constaicí;
- Tá siad ionraic agus is féidir brath orthu;
- Feidhmíonn go hionraic i gcónaí.